





# An Bord Taighde Sláinte Tuarascáil Bhliantúil 2007

Feabhas a chur ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

HRB
Health Research Board

# Maidir leis an HRB

Is é an Bord Taighde Sláinte (HRB) an phríomhghníomhaireacht in Éirinn a mhaoiníonn taighde sláinte agus a thacaíonn leis. Coimeádann an eagraíocht córais eolais sláinte freisin agus déantar taighde a bhíonn nasctha le tosaíochtaí sláinte náisiúnta. Is í an aidhm atá ag an mBord feabhas a chur ar shláinte daoine, acmhainneacht taighde sláinte a thógáil, tacaíocht a thabhairt d'fhorbairtí maidir le seachadadh seirbhíse agus cur go mór le geilleagar eolais na hÉireann.

# Príomhréimsí oibre

### Taighde sláinte a mhaoiniú

Tá taighde sláinte nuálach a mhaoiniú agus tacú le taighde den sórt sin chun sláinte a fheabhsú, cosc a chur ar thinneas agus dul i ngleic le galair mar chroíchuid de mhisean an HRB. Tá portfóilió ag an HRB faoi láthair d'infheistíochtaí taighde ar luach €180 milliún in ospidéil, in institiúidí acadúla, i ngníomhaireachtaí sláinte agus cúraim shóisialta agus i gcarthanachtaí taighde liachta ar oileán na hÉireann.

### Córais eolais a óstáil

Tá an HRB freagrach as chúig chóras eolais náisiúnta a bhainistiú. Cinntíonn na córais sin go mbíonn sonraí bailí agus iontaofa ar fáil le haghaidh anailís, scaipeadh agus pleanáil seirbhíse. Baintear leas as sonraí na gcóras sin chun eolas a sholáthar maidir le polasaí agus cleachtas sna réimsí míchumais, úsáid drugaí agus alcóil agus meabhairshláinte.

### Taighde a dhéanamh

Áirítear sláinte leanaí, meabhairshláinte, míchumas, úsáid alcóil agus drugaí ar ár bpríomhréimsí taighde intí. Soláthraíonn an taighde atá déanta againn fianaise go bhfuil gá le hathruithe sa chur chuige maidir le seachadadh seirbhíse. Léirítear an riachtanas atá ann freisin acmhainní breise a chur ar fáil chun tacú le daoine a dteastaíonn seirbhísí uathu maidir le mí-úsáid drugaí agus alcóil, riochtaí meabhairshláinte agus míchumais intleachtúla, fisiciúla agus céadfach.

### Straitéis Chorparáideach 2007–2011

I 2007 sheol an Bord Taighde Sláinte Straitéis Chorparáideach nua. Is í Ár bhFís go mbeidh córas sláinte den scoth againn trí shármhaitheas i gcúrsaí taighde agus go gcuirfear go gníomhach leis an ngeilleagar eolais. Is é Ár misean feabhas a chur ar shláinte daoine trí thaighde agus eolas.

Tá sé chuspóir aitheanta againn a chuideoidh linn ár ngníomhartha a aimsiú agus ár bhfís agus ár misean a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na cuspóirí sin:

- Cruth a chur ar an gclár oibre náisiúnta taighde maidir le sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta
- Tacú le taighde agus córais eolais sláinte atá nasctha le tosaíochtaí sláinte náisiúnta
- Tógáil ar an acmhainneacht taighde sláinte ar chaighdeán domhanda in Éirinn
- An méid a chuireann taighde sláinte le geilleagar eolais inbhuanaithe a chur chun cinn
- Cur le feasacht agus tuiscint ar an tionchar agus ar an luach a bhaineann le heolas agus taighde sláinte
- Éire a bhunú mar thír a chuireann go mór le polasaí idirnáisiúnta ar thaighde sláinte

Léirítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta againn chun na cuspóirí sin a sheachadadh i rith 2007.

# An Bord Taighde Sláinte

# Tuarascáil Bhliantúil 2007

Feabhas a chur ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

HRB
Health Research Board

**Arna fhoilsiú ag:**

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath
© An Bord Taighde Sláinte 2007

ISSN: 0791 220X

**Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ag an seoladh seo a leanas:**

An Bord Taighde Sláinte
73 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Éire
**t** 353 1 234 5000
**f** 353 1 661 2335
**e** hrb@hrb.ie
**w** www.hrb.ie

**Tá leagan leictreonach ar fáil ag www.hrb.ie/publications**

# Clár


| | |
|---|---|
| Comhaltaí Boird i 2007 | 4 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 5 |
| Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh | 7 |
| Sracfhéachaint ar an mbliain | 10 |
| Na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhnithe a baineadh amach i 2007 | 11 |
| Straitéis taighde agus maoiniú | 12 |
| Córais eolais agus taighde intí | 23 |
| Forbairtí corparáideacha | 28 |
| Ag obair i gcomhar – sracfhéachaint ar obair chomhoibritheach | 30 |
| Achoimre ar chuntais | 35 |
| Aguisín A: Liosta foilseachán | 39 |

# Comhaltaí Boird i 2007

I mí an Mheithimh 2007, cheap an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uasal, TD, Bord HRB nua. Is iad seo a leanas an deichniúr comhaltaí:



**An Dr Reg Shaw**
(Cathaoirleach)
Stiúrthóir Bainistíochta
Wyeth Biotech, Baile Átha Cliath



**An Dr Conor M Burke**
Lia Comhairleach Riospráide
Ospidéal Shéamais Uí Chonghaile agus Ospidéal an Mater




**An tOllamh Catherine Godson**
Ollamh Liachta Móilíneach
Stiúrthóir – Ionad Taighde Diaibéitis UCD Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath



**An tUasal Michael Griffith**
An Príomhfheidhmeannach
Fighting Blindness



**An Dr Tony Holohan**
An Leas-Phríomhoifigeach Liachta An Roinn Sláinte agus Leanaí



**An tUasal Brian Kearney**
Comhbhunaitheoir
Grúpa Bainistíochta Tionscadail



**An tOllamh Michael J Kerin**
Ollamh Máinliachta
Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh



**An Ena Prosser**
Comhpháirtí
Fountain Healthcare Partners



**An tOllamh Frances Ruane**
Stiúrthóir
An Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialach



**An tUasal Brian Sweeney**
Cathaoirleach
Siemens Ltd, Baile Átha Cliath

# Ráiteas an Chathaoirligh

Eascraíonn sláinte níos fearr as taighde sláinte, cuireann taighde le cúram othar agus cuidíonn le forbairt eacnamaíochta a dhéanamh. Cabhraíonn timpeallacht taighde sláinte a bhíonn láidir leis an lucht gairme sláinte is fearr a mhealladh agus a choinneáil agus éifeachtúlachtaí a sheachadadh sa chóras sláinte. Ó rinneadh Cathaoirleach díom ar an mBord Taighde Sláinte (HRB) in 2007, is léir dom gur féidir le taighde sláinte athrú ceart a dhéanamh ar shaol daoine.

Is é an Bord Taighde Sláinte (HRB) an phríomhghníomhaireacht atá freagrach ó thaobh a chinntiú go bhfuil poitéinseal an taighde sláinte seo á bhaint amach in Éirinn. Is é ár misean sláinte daoine a fheabhsú trí thaighde agus trí eolas, agus chuige sin tá sé d'aidhm againn cógais agus cóiréail níos éifeachtaí a sheachadadh, seirbhísí éifeachtacha a sholáthar, teicneolaíochtaí nua agus nuálacha a chur chun cinn agus cur chuige fianaise-bhunaithe nua i leith cúram sláinte a fhorbairt. Baineann an eagraíocht é sin amach ar dhá phríomhbhealach trí:

1. Mhaoiniú a chur ar fáil le:
    a. cumas agus scileanna taighde daoine a fhorbairt
    b. cláir agus tionscadail nuálacha
    c. infrastruchtúr a thógáil a léireoidh timpeallacht láidir taighde sláinte.
2. Taighde a stiúradh agus córais eolais náisiúnta a bhainistiú i réimsí meabhairshláinte, drugaí agus alcóil, sláinte leanaí agus míchumais.



**An Dr Reg Shaw, Cathaoirleach**

Tá an Bord tiomanta maidir le straitéis, polasaithe, ceannaireacht agus acmhainní a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin amach anseo. Is mian linn a chinntiú freisin go mbíonn buntáistí suntasacha ar fáil le feabhas a chur ar shláinte daoine ón lucht taighde a bhfuil tacaíocht acu ón mBord Taighde Sláinte (HRB).

Is mian liom an deis seo a thapú le comhghairdeas a dhéanamh leis an bhfoireann maidir leis an dul chun cinn in 2007. Níl mé chun a lua anseo ach roinnt de na príomh-nithe a baineadh amach, ach is léir iad ar fud na tuarascála seo agus tá na torthaí le feiceáil freisin in ospidéil agus in ollscoileanna ar fud na tíre.

Le bliain anuas, lean an Bord Taighde Sláinte (HRB) ag fáil tograí den scoth ó thaighdeoirí eisceachtúla. Is léir an rath:

- Sna torthaí taighde a tuairiscíodh in 2007 de thoradh maoiniú an Bord Taighde Sláinte (HRB) – áirítear na buaicphointí sa tuarascáil seo.
- An líon sár-thograí a fuarthas in 2007.


- An staidéar neamhspleách a choimisiúnaíomar a léirigh go bhfuil taighdeoirí na hÉireann ag foilsiú ag ráta atá níos tapúla ná an AE – 25 tír grúpáilte le chéile agus go bhfuil an tionchar atá ag ár dtaighde ag dul i méid.

D'fhógraíomar tuilleadh maoiniú infrastruchtúir freisin i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don tSaoráid Taighde Cliniciúil (CRF) an HRB i nGaillimh. Sin é a bhí mar thoradh ar chomhoibriú rathúil leis an Wellcome Trust in 2006, nuair a cuireadh tús le hobair ar CRF i mBaile Átha Cliath in 2006. Tá súil againn CRF eile den chuid an HRB a fhógairt do Chorcaigh go luath an bhliain seo chugainn.

Le linn 2007, lean ár bhfoireann taighde in-tí le heolas ar ardchaighdeán agus fianaise do chinnteoireacht a sheachadadh. Bhreathnaigh staidéar nua amháin ar leibhéil folláine síceolaíochta agus anó in Éirinn. Cuireann an tuarascáil bunlíne láidir ar fáil lenar féidir linn athruithe i bhfolláine síceolaíochta agus anó daoine a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu amach anseo agus, in am tráth, an áit is fearr a mbeadh éifeacht ag infheistíochtaí maidir le seirbhísí agus cóiréail a chinntiú. Bhreathnaigh ár gcéad tuarascáil i réimse an alcóil ar iarmhairtí mhí-úsáid alcóil don tsláinte. Tá an tuarascáil luaite go leathan ag cuid mhaith daoine, lena n-áirítear oibrithe sláinte, na meáin agus taighdeoirí.

Ba é an dúshlán ollmhór a bhí i ndán don Bhord ná an folúntas i bpost an Phríomhfheidmeannaigh. Molaim an Dr Ruth Barrington as an mbealach tiomanta agus gairmiúil inar stiúraigh sí an eagraíocht le naoi mbliana, agus an bealach ar chuir sí chomh mór sin le taighde sláinte in Éirinn. Nuair a d'éirigh sí as a post i mí na Bealtaine ba é an Dr Hamish Sinclair a ghlac le post dúshlánach an Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaigh. Is mian liom buíochas an Bhoird a chur in iúl do Hamish as ucht a thiomantais agus a threoir nuair a ghlacamar lena gcuid post in 2007. Tá tosaíocht lárnach déanta ag an mBord de cheapadh Príomhfheidhmeannaigh nua go luath in 2008.

D'oibrigh an Bord agus an Cathaoirleach, Dr Des Fitzgerald, atá ag éirí as, go dian dícheallach i gcomhar leis an bhfoireann ag an HRB leis an HRB a fhágáil sa chruth láidir ina bhfuil siad faoi láthair. Tá mé an-dóchasach go n-éireoidh leis an mBord nua, i gcomhar leis an bhfoireann, taighde sláinte in Éirinn a thabhairt chuig leibhéil nua agus buntáistí cúraim shóisialta agus sláinte praiticiúla a sheachadadh. Tá mé ag tnúth go mór leis an dúshlán.



Dr Reg Shaw, Cathaoirleach

# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



**An Dr Hamish Sinclair, CEO Gníomhach**

I 2007, lean an HRB ag díriú ar a misean feabhas a chur ar shláinte daoine trí thaighde agus eolas. Mar ghealltanas leanúnach cur le forbairt struchtúr agus cultúr taighde sláinte ceannródaíoch in Éirinn, d'infheistigh an HRB €53 milliún i 2007 trí scéimeanna deontais éagsúla agus chuir sin lenár dtiomantas iomlán i maoiniú taighde ar fud an chórais taighde sláinte go dtí €180 milliún.

Léiríodh na nithe ceannródaíochta is déanaí i dtaighde arna mhaoiniú ag an HRB in eagrán 2007 de *A Picture of Health*. Réimsíonn an taighde raon leathan réimsí, ó huathachas agus galar croí go dtí tionchar na teicneolaíochta faisnéise ar chúram othar agus ar phleanáil chúram sláinte. Léiríonn na scéalta atá i *A Picture of Health* na buntáistí d'othair, na coigiltis a d'fhéadfadh a bheith ann don rialtas, agus na bealaí ar féidir leas a bhaint as fianaise taighde chun feabhas a chur ar chinnteoireacht i ndáil le seirbhís sláinte a sheachadadh.

B'fhorbairt shuntasach a bhí i mbunú Saoráid Taighde Cliniciúil i nGaillimh i 2007, a bhí cómhaoinithe ag an HRB agus ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Soláthróidh an tsaoráid sin timpeallacht den scoth do thaighde a bheidh dírithe ar an othar agus beidh buntáistí dáiríre ann d'othair. Seo í an dara saoráid de thrí shaoráid a bheidh á maoiniú ag an HRB. Fógraíodh an chéad cheann i mBaile Átha Cliath i 2006 agus fógrófar an tríú ceann i gCorcaigh i 2008.

Léirigh staidéar neamhspleách arna choimisiúnú ag an HRB go bhfuil ardú ag teacht ar sheasamh taighde sláinte na hÉireann sa litríocht idirnáisiúnta. Sa staidéar rinneadh comparáid idir aschur agus tionchar gaolmhar na bhfoilseachán sa réimse taighde sláinte ó Éirinn thar an tréimhse 1999 go 2005 le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Léiríodh go raibh lucht taighde sláinte na hÉireann ag foilsiú ag ráta a bhí ag dul i méid níos tapúla ná an meán 25 tír AE curtha le chéile. Léiríodh leis an anailís freisin go raibh ardú sa ráta tionchair ag foilseacháin taighde sláinte na hÉireann sa tréimhse chéanna. I gcomparáid le caighdeán domhanda, tá seasamh na hÉireann ag dul i bhfeabhas go seasmhach, agus táthar ag pointe anois go bhfuil lucht taighde sláinte na hÉireann gníomhach ag thart ar an meán leibhéal tionchair domhanda. Is údar misnigh don HRB iad torthaí na tuarascála sin ina léirítear fás agus dul chun cinn fíor i dtaighde sláinte na hÉireann.

Fuair Éire buntáiste ollmhór ó chláir Chreat Oibre AE roimhe seo, lenár lucht taighde tríú leibhéal agus cuideachta-bhunaithe ag tarraingt beagnach €200 milliún ón Séú Clár

Creat Oibre AE. Chun cur an méid agus is féidir le rannpháirtíocht rathúil na hÉireann sa Seachtú Clár Creat Oibre AE (FP7), tá ról glactha ag an HRB comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí sa phróiseas FP7.

Léiríodh iarmhairtí sláinte ó mhí-úsáid alcóil i dtuarascáil arna fhoilsiú ag an HRB i 2007. Tuairiscítear sa tuarascáil ar bhealach córasach an t-ardú le deich mbliana anuas ar dhochar agus ar ghalar a bhaineann le halcól agus an brú atá ag dul i méid ar ár seirbhísí sláinte agus ospidéil atá mar thoradh air sin. Mar gheall ar an nasc atá idir leibhéil tomhailte agus dochar a bhaineann le halcól, tá gá ann an méid tomhailt alcóil in Éirinn a laghdú. Leis an tuarascáil déantar léirmheas ar fhianaise idirnáisiúnta ar bhearta rathúla chun tomhailt alcóil a laghdú.

Rinne an HRB suirbhé i 2007 ar an leibhéal guaise síceolaíoch i measc mhuintir na hÉireann. Cé gur thuairisc ochtar as gach deichniúr sa suirbhé go raibh meabhairshláinte, sláinte fhisiciúil agus caighdeán saoil 'maith' nó 'an-mhaith' acu, d'aimsigh an suirbhé líon mór daoine a raibh fadhbanna meabhrach nó mothúchánach ag cur isteach orthu. Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí é sin agus go mbeadh tuiscint sa tsochaí ina leith ionas go bhforbrófaí tacaíochtaí neamhfhoirmiúla agus foirmiúla a bheidh ag teastáil ó dhaoine faoi bhrú guaise. Soláthróidh suirbhé an HRB bunlíne láidir óna bhféadfar athruithe a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach córais eolais sláinte d'ardchaighdeán a bheidh mar bhonn d'fhorbairt polasaí agus cleachtais a choimeád, rinneadh iniúchadh náisiúnta ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil i rith na bliana. Rinne foireann chliniciúil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón earnáil neamhreachtúil agallaimh le húsáideoirí na seirbhíse, a bpríomhoibrithe agus cuid dá dteaghlaigh ar fud na tíre. Bainfear leas as torthaí an iniúchta sin chun cruinneas an eolais atá ar an mbunachar sonraí a thástáil le súil agus ardchaighdeán a fheabhsú.


I mí Bealtaine 2007, sheas an Dr Ruth Barrington síos mar Phríomhfheidhmeannach an HRB. Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghlacadh leis an Dr Barrington as a fís agus a paisean do thaighde sláinte i rith na naoi mbliana a chaith sí i mbun oifige. Rinne sí sárobair agus dá barr bhain an HRB cáil amach mar eagraíocht fíor-ghairmiúil agus tiomanta atá dírithe ar fheabhas a chur ar shláinte daoine trí thaighde agus eolas.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le hiar-chomhaltaí an Bhoird freisin agus mórmheas a léiriú dóibh, go háirithe an Cathaoirleach, an tOllamh Desmond Fitzgerld, as ceannaireacht den scoth na heagraíochta a stiúradh le cúig bliana anuas agus as a dtiomantas cumas an HRB a fhorbairt chun tacú le taighde sláinte agus córais eolais den chaighdeán is airde.

Tá buíochas ar leith tuilte ag an gCathaoirleach reatha, an Dr Reg Shaw, agus ag comhaltaí an Bhoird nua as an spreagadh agus an tacaíocht a thug siad dom mar Phríomhfheidhmeannach gníomhach i rith 2007.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas úrghnách agus

dianobair fhoireann an HRB, a bhfuil a gcuid iarrachtaí le sonrú sna nithe go léir atá bainte amach agus a bhfuil tuairisciú déanta orthu sa tuarascáil seo.



Hamish Sinclair PhD, CEO Gníomhach

# Sracfhéachaint ar an mbliain

| | | |
|---|---|---|
| Dhámhaigh HRB Gradam Speisalta BT Young Scientist | **Eanáir** | D'fhógair an HRB maoiniú €1.5 milliún do thaighde aistritheach ar MRSA |
| Seoladh 'Happy living here…' Taighde a rinneadh i gcomhar leis an gCoimisiún Meabhairshláinte ar shástacht othair le cúram cónaithe | **Feabhra** | Seoladh straitéis HRB nua agus éifeacht le struchtúr HRB nua |
| | **Márta** | D'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí tacaíocht i gcomhar don HRB agus do thionscadail ghrúpa carthanachtaí taighde liachta |
| | **Aibreán** | Seoladh Saoráid Taighde Cliniciúil an HRB i nGaillimh |
| Léirigh Léacht Bhliantúil Graves ról na hearnála príobháidí i dtaighde cúram sláinte<br>Ceapadh ceathrar eolaithe cliniciúla HRB nua | **Bealtaine** | Fógraíodh maoiniú €19 milliún chun tacú le cheithre scéim Scoláireachtaí PhD nua |
| Rinne an HRB suirbhé chun feasacht mhuintir na hÉireann ar an HRB agus taighde sláinte atá á dhéanamh in Éirinn a mheas | **Meitheamh** | |
| D'fhoilsigh an HRB torthaí anailís bibliometric coimisiúnaithe a léiríonn tionchar lucht taighde na hÉireann ar litríocht idirnáisiúnta idir 1999 agus 2005 | **Iúil** | D'infheistigh an HRB €12.2 milliún i 48 deontas tionscadail agus €7.3 milliún i chúig chlár taighde aistritheach |
| | **Lúnasa** | |
| Sheol an tUachtarán McAleese torthaí ó ollstaidéir a rinne Aonad an HRB do Stádas Sláinte agus Gnóthachain Sláinte ag UCD | **M. Fómh** | Léirigh tuarascáil an HRB an tionchar a bhíonn ag alcól ar shláinte daoine agus ar na seirbhísí sláinte |
| | **D. Fómh** | Bhí a gcéad chruinniú ag Bord nua an HRB<br>D'fhéach tuarascáil nua ar ath-iontrálacha chuig aonaid agus ospidéil síciatracha in Éirinn idir 2000 agus 2005 |
| Léirigh tuarascáil HRB nua leibhéil folláine agus guaise síceolaíochta in Éirinn | **Samhain** | |
| Dhírigh an seimineár *Let's talk health research* ar an chéad ghlúin eile taighdeoiri ar a gcuid taighde a chur i láthair lucht éisteachta níos leithne | **Nollaig** | Seoladh an tSraith teilifíse 'The Investigators' le hurraíocht ón HRB |

# Na Príomhghníomhaíochtaí agus na príomhnithe a baineadh amach i 2007

# Straitéis taighde agus maoiniú

Dhámhaigh an HRB €53 milliún i rith 2007 trí scéimeanna deontais éagsúla. Dá réir sin, d'ardaíomar ár dtiomantas iomlán ar mhaoiniú taighde ar fud chóras taighde sláinte na hÉireann go dtí €180 milliún.

D'eagraíomar painéil piarbhreithnithe do 1,096 iarratas maoinithe agus bunaithe ar mholtaí na bpainéal sin, dámhadh 382 maoiniú ar leith. D'éirigh le go leor acu, ach faraor, mar thoradh ar mhaoiniú teoranta, níorbh fhéidir tacaíocht maoinithe a sholáthar do roinnt moltaí den scoth.

## Ag Infheistiú i dTionscadail agus i gCláir

### Dámhachtainí Taighde Aistrithigh

D'aithin an HRB mar thosaíocht straitéiseach forbairt ar acmhainneacht do thaighde sláinte den scoth in Éirinn – go háirithe taighde aistritheach a fhorbairt. I rith 2007, infheistíodh €7.3 milliún i roinnt clár taighde aistritheach cúig bhliana. Cuirfidh ár dtacaíocht maoinithe ar chumas foirne lucht taighde den scoth taighde a dhéanamh a bheidh dírithe ar dul i ngleic le fadhb shubstaintiúil i ngalar daonna agus feabhas a chur ar chúram othar. Tabharfar tacaíocht freisin d'fhorbairt ábhar, gairis, táirgí agus seirbhísí a bheidh nua nó a bheidh feabhsaithe go mór.

### Dámhachtainí R&D na Seirbhísí Sláinte

Maoiníodh dhá chlár nua i 2007 faoin scéim Dámhachtainí R&D na Seirbhísí Sláinte atá deartha chun tacú le taighde a bhaineann le cleachtas ó lá na lá fhoireann na seirbhíse sláinte agus chun na tionchair a bhíonn acu ar shláinte nó ar chúram sláinte úsáideoirí na seirbhíse a léiriú. Is ionann agus beagnach €10 milliún infheistíocht an HRB sa scéim thábhachtach seo feadh 11 clár taighde gníomhach. Is iad seo a leanas an bheirt ar éirí leo maoiniú a fháil:

- Hilary Dunne, Cumann na hÉireann um Cháilíocht agus Sábháilteacht i gCúram Sláinte. Seo a leanas teideal a tionscadail *'The continuous evaluation of patient perception of acute hospital in-patient care in Ireland using the dashboard and map integration techniques'*.
- An tOllamh Colin Bradley, An Roinn Cleachtas Ginearálta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Seo a leanas teideal a thionscadail *'Towards a national diabetes register for Ireland: theory, practice and policy'*.



## **Tábla 1** Achoimre ar mhaoiniú a dámhadh i 2007

| Scéimeanna Tacaíochta Gairme agus Tógáil Acmhainneachta | Iarratasóirí (n) | Dámhachtainí (n) |
|---|---|---|
| Comhaltachtaí Cochrane | 11 | 8 |
| Scoláireachtaí Mic Léinn Samhraidh | 171 | 56 |
| NCI Curaclam Samhraidh (Cuibhreannas Ailse) | 26 | 18 |
| Comhaltachtaí Taighde Iar-Dhochtúireachta | 60 | 8 |
| Comhaltachtaí Oiliúna Taighde Chliniciúil | 26 | 6 |
| Comhaltachtaí i dTaighde Seirbhísí Sláinte | 25 | 4 |
| Comhaltachtaí Cliniciúla in Altranas agus i gCnáimhseachas | 17 | 3 |
| Comhaltacht Cosc ar Ailse (Cuibhreannas Ailse) | 1 | 0 |
| Dámhachtainí Eolaithe Cliniciúla | 12 | 4 |
| | **349** | **107** |

| Deontais Taighde | Iarratasóirí (n) | Dámhachtainí (n) |
|---|---|---|
| Comhpháirtíochtaí a Thógáil do Dhámhachtainí Sochaí níos Folláine | 7 | 4 |
| Staidéar Tosaíochtaí Altranais agus Cnáimhseachais | 4 | 1 |
| Dámhachtainí R&D Seirbhísí Sláinte | 14 | 2 |
| Dámhachtainí Sláinte Domhanda | 14 | 3 |
| Dámhachtainí Líonraithe Sláinte Domhanda | 17 | 11 |
| Deontais Tionscadail | 321 | 48 |
| Dámhachtainí Aistritheacha | 26 | 5 |
| | **403** | **74** |

| Deontais Infrastruchtúir | Iarratasóirí (n) | Dámhachtainí (n) |
|---|---|---|
| Saoráidí Taighde Cliniciúil | 3 | 3 |
| Ionaid Taighde Sláinte | 24 | 2 |
| Eolaí Cliniciúil Sóisearach d'Altranas agus Cnáimhseachas | 1 | 1 |
| Maoiniú Forlíontach d'Infrastruchtúr | 2 | 1 |
| | **30** | **7** |

| Oiliúint agus Ceardlanna | Iarratasóirí (n) | Dámhachtainí (n) |
|---|---|---|
| Ceardlanna Scríbhneoireachta Eolaíochta an HRB | 191 | 100 |
| Cúrsa Dhá Lá Cochrane ar Athbhreithnithe Córasacha | 47 | 42 |
| Réamhrá Leath-lae ar Chomhoibriú Cochrane | 73 | 50 |
| Oiliúint Trialacha Cliniciúla Altranais (Cuibhreannas Ailse) | 3 | 2 |
| | **314** | **194** |

# Infheistiú in Infrastruchtúr

## Seoladh Saoráid Taighde Cliniciúil an HRB i nGaillimh

I mí Bealtaine 2007, d'fhógair an HRB agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) pleananna chun cómhaoiniú a dhéanamh ar bhunú saoráid taighde cliniciúil i nGaillimh. Ba é príomhaidhm Saoráid Taighde Cliniciúil an HRB, i nGaillimh infrastruchtúr a sholáthar – spás fisiciúil, saoráidí agus eolaithe – a bheidh riachtanach chun tacú le staidéir taighde a bheidh dírithe ar an othar. Beidh luach €20 milliún d'infheistíocht thar chúig bhliana i gceist ón HSE agus ón HRB.

Nuair a bheidh an tsaoráid i mbun oibre go hiomlán, beidh 20 duine fostaithe ann. Cuirfear na nithe is nuálaí ar fáil d'othair sna réimsí liachta athghiniúna, ailse, cnáimhseachas agus ginéiceolaíocht, diaibéiteas, agus galair athlastacha. Soláthrófar tacaíocht freisin do staidéir a dhéanfar in ionaid cleachtais ghinearálta trí anailís ar shamplaí a thógfar, soláthrófar tacaíocht staitisticiúil agus comhordú ar staidéir. Áireofar air sin taighde ar bhainistiú galair ainsealacha mar diaibéiteas.



**Fógra ón Aire Harney maidir le Saoráid do Thaighde Cliniciúil i nGaillimh**



**Léiríonn an tOllamh Feral Malone conas a oibríonn trealamh íomháithe 3D**

## Trealamh íomháithe

Dhámhaigh an HRB deontas aonuaire de €500,000 i rith 2007 ar Perinatal Ireland. Déanann an cuibhreannas taighde cliniciúil uile-Éireannach seo, a bunaíodh le maoiniú MRB, taighde trí leas a bhaint as na teicneolaíochtaí ultrafhuaime agus as an trealamh is déanaí chun feabhas a chur ar bhrath mínormalachtaí fáis i leanaí agus iad fós sa bhroinn. Cuirfidh an deontas sin ar chumas na bealaí is fearr a scrúdú chun bainistiú cliniciúil a dhéanamh ar mhná a bhíonn ag iompar cúplaí, nuair a bhíonn fás comparáideach na gcúplaí sin in utero an-éagsúil óna chéile.


## Tionscadal Géanóim Uathachais

Sholáthair an HRB maoiniú do lucht taighde Éireannach chun a bheith rannpháirteach i gcuibhreannas idirnáisiúnta ceannródaíoch a bhfuil sé mar aidhm leis an ngéin atá freagrach as uathachas a aimsiú. Sna chéad trí bliana eile, gheobhaidh Tionscadal Géanóim Uathachais (AGP) infheistíocht iomlán de €12 milliún ó eagraíochtaí idirnáisiúnta éagsúla.

Beidh ról ollmhór ag lucht taighde na hÉireann sa tionscadal sin. Bainfear leas as

maoiniú an HRB chun tacú le lucht taighde anailís a dhéanamh ar shonraí a bhailítear in Éirinn agus ó ar fud an domhain ó shampla mór daonra teaghlaigh agus daoine aonair le huathachas. Tá súil ag lucht taighde a bheith ábalta nasc a fháil idir eolas cliniciúil agus géiniteach in othair – nasc a chuirfidh ar a gcumas tuiscint níos fearr a fháil ar na fachtóirí a chuireann le huathachas. Beidh na torthaí sin fíorthábhachtach chun diagnóisic, cúram spriocdhírithe agus idirghabháil a fhorbairt.

Déanfaidh Comhar Géiniteach Uathachas na hÉireann an taighde, comhpháirtíocht atá anseo idir lucht taighde i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus a n-ospidéil ghaolmhara, Ospidéal Thamhlachta, an Lárionad Náisiúnta do Ghéineolaíocht Liachta agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).



## Ag Infheistiú i nDaoine

### Dámhachtainí Eolaithe Cliniciúla

Dhámhaigh an HRB €6.5 milliún in iomlán ar cheathrar comhchomhairleoirí liachta Éireannach chun sciar suntasach dá gcuid ama a dhíriú ar thaighde a dhéanamh ina réimsí speisialtachta. Thar an tréimhse 2007 go 2011, díreoidh na hEolaithe Cliniciúla HRB nua ar an ionfhabhtú Clostridium Difficile a fhaightear in ospidéil agus ar ailse brollaigh, torthaí toirchis agus neamhoird néarógach.

Tá na comhchomhairleoirí sin, a bheidh ina nEolaithe Cliniciúla de chuid an HRB, uathúil sa phobal de lucht taighde sláinte. Is iad a sholáthraíonn siad an nasc idir cleachtas cliniciúil, aimsiú meicníochtaí galair agus idirghabhálacha diagnóiseacha agus teiripeach nua.

**Eolaithe Cliniciúla an HRB a ceapadh i 2007**

- An tOllamh John Crown, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An Dr Lorraine Kyne, Ospidéal an Mater agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- An Dr Louise Kenny, Ospidéal Máithreachais Ollscoile Chorcaí agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- An Dr Orla Hardiman, Ospidéal Beaumont agus Coláiste na Tríonóide

### Cláir Scoláireachtaí PhD

Aithníodh i dtuarascálacha rialtais le déanaí an gá atá ann cur go mór faoin mbliain 2013 leis an líon iomlán lucht taighde in Éirinn, líon atá riachtanach chun tacú le córas náisiúnta nuálach. Léiríonn an Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuáil (2006-2013) go sonrach an tábhacht atá le córas ceithre leibhéal ildisciplíneach a thógáil a bheidh níos struchtúrtha – a bheidh dírithe ar fheabhas a chur ar cháilíocht na hoiliúna a bhíonn ag lucht taighde ag an gcéad chéim agus a bheidh deartha freisin chun freastal ar riachtanais mhargadh fostaíochta a shíneann thar iamhais academia.

Sa bhliain 2007, chuir an HRB lena cheannaireacht agus lena infheistíocht sa réimse seo trí cheithre Chlár Scoláireachtaí PhD nua a fhógairt. Beidh iontógáil de thart ar sheisear scoláirí gach bliain ó 2007 – 2011 sna ceithre chlár seo. In iomlán, tá luach os cionn €19 milliún ag na cláir. Seo a leanas mionsonraí maidir leis na ceithre chlár nua sin:

**Réimse ábhair:** Bitheolaíocht Ailse – córais comharthaíochta agus rialáil géine
**Príomh-Imscrúdaitheoir:** An tOllamh Rosemary O'Connor (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)

**Réimse ábhair:** Imdhíoneolaíocht
**Príomh-Imscrúdaitheoir:** An tOllamh Paul Moynagh (OÉ Maigh Nuad)

**Réimse ábhair:** Diagnóisic agus teiripeacha ghalar daonna
**Príomh-Imscrúdaitheoir:** An tOllamh Noel McElvaney (Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann)

**Réimse ábhair:** Taighde Seirbhísí Sláinte
**Príomh-Imscrúdaitheoir:** An tOllamh Hannah McGee (Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann) le comhpháirtithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

## Meastóireacht agus caidrimh sheachtracha

### Seasamh idirnáisiúnta níos airde ag taighde sláinte na hÉireann

Léiríonn tuarascáil nua arna choimisiúnú ag an HRB go bhfuil seasamh idirnáisiúnta thaighde sláinte na hÉireann ag dul in airde i litríocht idirnáisiúnta. Déanann an tuarascáil anailís ar chainníocht agus ar cháilíocht fhoilseacháin taighde sláinte na hÉireann araon idir 1999 agus 2005. Léirítear ann go bhfuil lucht taighde sláinte na hÉireann ag foilsiú ag ráta atá ag dul in airde níos tapúla ná sna 25 ballstát AE le chéile, agus sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus san Fhionlainn. Léiríonn an anailís ardú freisin ar thionchar fhoilseacháin taighde sláinte na hÉireann i rith 1999 agus 2005. Tá Éire ag feidhmiú anois ag leibhéal atá os cionn meán an AE.

### An HRB an pointe comhtheagmhála do shláinte faoi FP7


Tabharfaimid comhairle agus tacaíocht do lucht taighde ar mian leo iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi FP7. Déanfaimid iarracht a chinntiú freisin go mbeidh gach iarratasóir ar an eolas maidir le deiseanna maoinithe a bheidh á dtairiscint faoi théarmaí an chláir agus go mbeidh ar a gcumas iarratais a dhéanamh ar dheontais a mbeidh toradh dearfach orthu. Is é/í Oifigeach Idirchaidrimh Idirnáisiúnta an HRB an teagmhálaí náisiúnta atá ainmnithe don scéim agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis/léi ar +353 1 234 5188 nó seol ríomhphost chuig: FP7@hrb.ie.

## Aschuir agus Torthaí Taighde atá maoinithe ag an HRB i 2007


Mar chuid dár gclár oibre leanúnach, déanfaimid meastóireacht ar thorthaí agus ar thionchair gach tionscnamh taighde a bhíonn mawoinithe ag an HRB.

**Tábla 2** Aschuir ó ghníomhaíochtaí a bhíonn maoinithe ag deontais i 2007

| An Cineál Aschuir | 2007 |
|---|---|
| Líon na dtuarascálacha deiridh deontais atá faighte: | **55** |
| *Deontais Tionscadail* | *36* |
| *Comhaltachtaí* | *17* |
| *Cláir* | *2* |
| Líon na mac léinn iarchéime atá fostaithe ar thionscadail atá maoinithe ag deontais | **42** |
| Líon na mac léinn PhD | **31** |
| Líon iomlán na ndaoine a bhíonn maoinithe trí dheontais HRB | **45** |
| *Líon iomlán acu sin ar lucht taighde iar-dhochtúireachta iad* | *31* |
| *Líon iomlán pearsanra maoinithe eile (altraí taighde, cúntóirí taighde, teicneoirí)* | *14* |
| Líon iomlán foilseacháin piarbhreithnithe ó dheontais | **134** |
| Líon iomlán chuir i láthair idirnáisiúnta déanta | **216** |
| Líon iomlán comhoibrithe nua déanta mar thoradh ar thionscadail taighde deontais-mhaoinithe | **98** |
| *Comhoibrithe Náisiúnta* | *39* |
| *Comhoibrithe Idirnáisiúnta* | *59* |
| Líon iomlán na n-iarratas paitinne a comhdaíodh | **2** |




**Fíor 1** Modhanna Maoinithe – Deontais a críochnaíodh i 2007




**Fíor 2** Aschuir 2007

## Torthaí roinnt dár gcuid taighde maoinithe a foilsíodh i 2007

Bunaíodh an chéad **ollúnacht i gcúram príomha** in OÉ Gaillimh de bhun na tuarascála a choimisiúnaigh an HRB ar thaighde cúram príomha in Éirinn.

Fuair Georgina Gethin, RCSI, amach go raibh úsáid mhil Manuka ar chréachtaí éifeachtach freisin chun cóireáil a dhéanamh ar **MRSA**.

D'aithin an Dr Joe Keane, Ospidéal San Séamus bithchomharthaí sóirt chun géine a bhaineann le luathchéim **ailse scamhóg** a uaslódáil agus a íoslódáil.

D'aithin an tOllamh Luke O'Neill, TCD, próitéin dhaonna i bhfuil chealla bána ar ionann iad agus 'olllasc' a chasann ar an **freagra imdhíonachta ó bhaictéir dhíobhálach** sa cholainn. Rinneadh cur síos sa taighde mar a éiríonn le Mal, próitéin thábhachtach atá sa chóras imdhíonachta, ról ollmhór a imirt chun a chinneadh cibé a mbeidh duine ionfhabhtaithe le maláire, agus ar deireadh an mbeidh maláire ag dul dó/di. D'éirigh leis an Ollamh O'Neill ainmniú a fháil mar 'Dhochtúir na Bliana' ag na hOscair Liachta 2007 mar gheall ar an obair sin.

Fuair an tOllamh John O'Leary, TCD, amach go n-athraíonn **Galar Putóige Greannaithí (IBD) nua éagsúil** thar am, bíonn an galar níos tromchúisí i leanaí óga agus ní bhíonn sé chomh dian i ndaoine fásta óga, agus dá réir tugtar dóchas éigin go bhféadfadh sé deireadh a chur leis féin thar am.

Fuair an Dr Ceara Walsh, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann amach gur éirigh le 20-30% d'othair le **hairtríteas réamatóideach (RA)** iarchur iomlán a fháil ón ngalar nuair a cuireadh ar theiripe frith-TNF iad. Bhí níos mó T-chealla acu sin a fuair iarchur ón ngalar ina raibh próitéin gabhdóra sonrach - sin rud éigin nár tugadh faoi deara roimhe sin in othair a bhí ag fulaingt le RA.

Fuair an Dr Michael Barry, Ospidéal San Séamus, amach go bhfuil fírinniú eacnamaíoch ann **staitíní a ordú** do dhaoine a bhíonn i mbaol 15% nó níos airde ó **Ghalar Croí Corónach (CHD)**.

Léirigh an Dr Kathleen Bennett, Ospidéal San Séamus, **éagsúlachtaí réigiúnach** in ordú **cóir leighis don ghalar diaibéiteas**.

Chuir an Dr Alan Keenan, UCD, an steintín caighdeánach in oiriúint ionas go bhfuil ar a chumas drugaí a scaoileadh atá ábalta stop a chur leis an soitheach caolú in athuair, agus dá réir **ag tabhairt cosaint don othar ó ghalar croí eile**.

D'aithin an Dr Fergal O'Brien, RCSI, **mionscoilteanna i gcnámha**, ó





ghnáthaclaíocht agus gnáthghníomhaíochtaí agus d'aimsigh sé go gceartaíonn an cholainn iad arís mar chuid de shraith athsholáthair chnámha folláine.

D'aimsigh an tOllamh David Coleman, TCD, go bhfuil an gás sárocsaíd hidrigine éifeachtach chun an **frídín MRSA a mharú**.

Seo a leanas na torthaí a fuair an tOllamh Cecily Kelleher ón staidéar **five-year HRB Health Status and Health Gain Unit** a rinneadh ag OÉ Gaillimh:

- Creideann breis agus leanbh Éireannach amháin as gach deichniúr, nach bhfuil dóthain meáchain orthu, go bhfuil siad róthrom.
- Tá tuilleadh tacaíocht ón stát ag teastáil ó theaghlaigh le leanaí óga.
- Níl sé chomh dóchúil go mbeidh asma ag dul do leanaí a n-itheann a máithreacha níos mó torthaí, glasraí agus iasc olúil.
- Luaitear drochshláinte mar fhachtóir mór i gcinneadh daoine aonair gan a bheith rannpháirteach go gníomhach i gcúrsaí polaitíochta.
- Bíonn tionchar ag cúlra sóisialta agus eacnamaíoch máthair agus seantuismitheoirí leanaí ar stádas sláinte leanaí.

Fuair an Dr Michael Gill, TCD, amach nach léiríonn **leanaí le ADHD** aon chlaonadh spáis, nó bíonn níos mó aird acu ar thaobh na láimhe deise de spás amhairc. Léirigh a staidéar freisin gur lú an dóigh go bhfreagróidh daoine le tréithe siondróm Asperger, fualrith (an leaba a fhliuchadh) agus fadhbanna ceangail do mheitilfeanadáit agus nach gcuireann aois, IQ ná aicme shóisialta isteach ar fhreagra do chógas in aon chor.

Stiúir an tOllamh John Feely, Ospidéal San Séamus, staidéar a chuir sraith nua de threoirlínte **'táscairí ordaithe d'ardchaighdeán'** i láthair; is é an aidhm atá leo sin lucht na n-orduithe leighis a chur ar an eolas maidir le drugaí a úsáidtear go rialta agus rochtain a sholáthar ar eolas cúltaca ar dhrugaí nach n-úsáidtear chomh forleathan sin.

D'aimsigh an tOllamh Tom Cotter, UCC, trí phróitéin a bhfuil trí mhodh gnímh éagsúla acu, agus léiríodh i suíomh saotharlainne gur **chuir siad stop le bás cealla reitine**.

Dheimhnigh taighde an Dr Ronan Mullan ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann go ngníomhachtaíonn séiream amyloid, angiogenesis, earcú leukocyte agus díghrádú loingeán in airtríteas réamatóideach chomh éifeachtach céanna le TNF alpha. Bhain an Dr Mullan amach **Dámhachtain Dochtúra IJMS i Réamaiteolaíocht** 2007 don staidéar sin.

Ag RCSI, chuidigh obair an Dr Cliff Taggart chun meicníocht frith-athlastach SLPI a léiriú. D'éirigh leis an taighde sin an Dámhachtain Dochtúra IJMS i Míochaine Riospráide a bhuachan don Dr Taggart i 2007.

Fuair an Dr Denis Shields, RCSI, amach nach fórsa tiomána suntasach é **éagsúlacht géiniteach** i bhfrithsheasmhacht ionfhabhtaithe laistiar de dhifríochtaí i **mbaol galar croí idir daoine**. Léirigh an dara staidéar, a scrúdaigh éagsúlachtaí géiniteacha a mbíonn tionchar acu ar fheidhm phláitíní, fianaise de nasc suntasach idir dhá éagsúlacht géine sonrach agus baol ó ghalar croí.

D'aithin an Dr Anne MacFarlane, OÉ Gaillimh, **gur fadhb shuntasach iad bacainní teanga i ndáil le cúram sláinte**, agus mothaíonn othair nach dtuigeann a ndochtúirí teaghlaigh iad. Léirigh an staidéar go gcreideann dochtúirí teaghlaigh go bhfuil na deacrachtaí cumarsáide a bhaineann le teanga ag laghdú, ach creideann lucht iarrtha tearmainn agus dídeanaithe gur b'é a mhalairt an cás. Chuidigh an taighde sin le forbairt an chéad Straitéis Sláinte Idirchúltúrtha Náisiúnta de chuid an HSE.

Fuair Rebecca Garavan, RCSI, amach go **mothaíonn daoine níos sine go mbaineann stiogma le húsáid seirbhísí** mar chúnamh baile.


Fuair Margaret McKiernan, UCC, amach go bhfeiceann **gaolta othair i ndianchúram** ceithre ní atá tábhachtach i rith an ama sin: an gá atá le bheith coinnithe ar an eolas, a bheith in éineacht leis an othar, tuiscint a fháil ar gach ní agus cúram agus tacaíocht.

Fuair an Dr Philip Larkin, OÉ Gaillimh, amach gur mhothaigh othair éiginnte agus trína chéile mar gheall ar **an aistriú ó chúram maolaitheach go dtí cúram foircneach** agus nach raibh siad ag fáil na teachtaireachtaí céanna ina dtaobh. I roinnt cásanna, níor láimhseáil an fhoireann an aistriú mar is ceart. Mar sin féin, nuair a bhí siad socraithe san ospís, thosaigh na hothair ag mothú níos compordaí iontu féin. Deir na hothair freisin go raibh an-tábhacht leis na naisc láidre agus an cairdeas a mhothaigh siad san ospís.

Ag an RCSI, mar thoradh ar **staidéar ar aosú** an Ollaimh Hannah McGee's HESSOP-2 bunaíodh staidéar níos mó agus níos faide – Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú – atá ar bun faoi láthair.

D'fhorbair an tOllamh David Brayden, UCD, samhail saotharlainne agus ainmhí chun féachaint ar **sceitheadh na putóige sa Ghalar Putóige Greannaithí**, le súil agus teiripí nua a fhorbairt.

D'aimsigh an tOllamh Dermot Kelleher, TCD, gur gníomhairí a mbíonn galar mar thoradh orthu na próitéiní sin a chuimsítear i saicíní



scannáin fhorimeallacha ina gceart féin, agus dá ndéanfaí tuilleadh rangú ar na fachtóirí sin a mbíonn galar mar thoradh orthu go bhféadfaí bealaí a aimsiú chun iad a bhlocáil nó a spreagadh. In imeacht ama, tá an poitéinseal ann **bonn a fhorbairt do vacsaín i gcoinne H Pylori**, galar is cúis le hothrais boilg agus ailse.

D'aimsigh an tOllamh Colm O'Morain, Ospidéal Adelaide agus na Mí, go bhfuil baint ag leibhéil ardaithe Siad M2-PK le réamh-ailse agus ailse drólainne. **Tá an poitéinseal aige mar sin mar sciath ailse colaicreicteach neamhionrach** le speiceasacht agus mothálacht ard.

D'aimsigh an tOllamh Cliona O'Farrelly, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann **cineál nua gaschill** sa phutóg, san aé agus sa bhroinn daonna. Dá bhféadfaí na gaschealla a shábháil ar scála mór, d'fhéadfadh na cealla sin deireadh a chur leis an ngá atá leis na gaschealla shuthacha conspóideacha.

D'fhorbair Mary Fitzsimons, Ospidéal Beaumont, i gcomhar le foireann ildisciplíneach san ospidéal, an **Taifead Leictreonach d'Othair Titimis**.

Léirigh an Dr Kevin McGuigan, RCSI, mar a mharaítear bithscannáin ar dhromchlaí **ghairis liachta** trí iad a chur faoi sholas ultraivialait.

D'aimsigh an Dr Katrina Comerford, UCD, ról do dhá mhóilín sa chonair frithsheasmhachta ildrugaí agus dá mbainfí leas astu ó thaobh na cógaseolaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh laghdú ar fhrithsheasmhacht drugaí.

Fuair an tOllamh Joe Duffy, UCD, amach go bhfuil baint ag an bpróitéin ADAM-17, le **scaipeadh ailse brollaigh**, agus go gcuideodh tomhas na leibhéil próitéin sa cholainn **le hionsaitheacht an ailse a bhrath agus déine na cóireála a dheachtú**.

Ag TCD, mar thoradh ar staidéar an Dr Joan Lalor ar thaithí ban agus iad ag iompar leanaí le **mínormaltacht féatais**, forbraíodh an teoiric 'Recasting Hope'; déanann an teoiric cur síos ar an bpróiseas oiriúnaithe a théann bean tríd agus a bhaineann le bás an 'linbh foirfe' a cheap sí a bhí ar iompar aici.

D'aimsigh an Dr Kenneth Nally, Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh, conair móilíneach nua atá in ann feidhmiú chun **siadaí a phlúchadh**.

Fuair an Dr Amjad Hayat, Ospidéal San Séamus, amach go mbeadh sé fiúntach bearta léirithe CD38 agus mínormaltacht cytogenic a chur san áireamh sa ghnáthmheasúnú ar othair le **leoicéime lymphocytic ainsealach**.

# Tionchar thaighde sláinte a chur in iúl

Leanann an HRB gach bliain ag forbairt tionscnaimh chun an pobal taighde a spreagadh chun míniú soiléir a thabhairt ar thorthaí a gcuid taighde.

## A Picture of Health: rogha de thaighde sláinte na hÉireann 2007

Léiríonn *'A Picture of Health'* mionsonraí de na nithe ceannródaíocha is déanaí i dtaighde sláinte ó 48 saineolaí i chúig institiúid tríú leibhéal agus ocht n-ospidéal ar fud na hÉireann. Cuireadh an taighde i láthair i ngné-ailt agus clúdaíodh raon leathan réimsí ó uathachas go dtí galar croí, agus tionchar teicneolaíocht faisnéise ar chúram othar agus pleanáil chúram sláinte.




## An Seimineár Let's Talk Health Research

Tá Let's Talk Health Research deartha chun tuiscint mhaith a thabhairt don chéad ghlúin eile de lucht taighde a fhaigheann maoiniú ón HRB ar an tábhacht atá ann a gcuid taighde a chur in iúl agus a chur i láthair an phobail i gcoitinne go héifeachtach.

I rith an lae, bhí deis ag grúpa daoine, a roghnaíodh trí phróiseas iomaíochta, a gcuid oibre a chur i láthair agus dul san iomaíocht do Bhonn Watts nó do cheann de na duaiseanna cumarsáide taighde de chuid an HRB. Is iad seo a leanas na buaiteoirí:

**Bonn Watts**

Kristl Dorschner, An Roinn Ceimice Cógaisíochta agus Liachta, RCSI. Is é seo teideal a cuir i láthair *'TIN: A combinatorial compound universe'*.



**Kristl Dorscher, buaiteoir bhonn Watts 2007 in éineacht lena comhghleacaithe ag an seimineár taighde sláinte Let's Talk Health**


**Dámhachtainí Cumarsáide Taighde an HRB**

- An Dr Patrick Kiely, An Roinn Bithcheimice, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Is é seo teideal a chuir i láthair *'How RACK1 promotes cell migration in cancer'*.
- Sarah Jacobs, An Roinn Síceolaíoch, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is é seo teideal a cuir i láthair *'Identifying the adolescent at risk of developing schizophrenia'*.

# Córais eolais agus taighde intí


Cuireann an HRB go mór leis an tsláinte a fheabhsú agus le héifeachtacht na seirbhísí sláinte a fhorbairt trínár ngníomhaíochtaí taighde agus eolais intí. Tá bailiú sonraí agus anailís leanúnach riachtanach do na córais eolais a bhainistímid chun an fhianaise is cothroime le dáta a sholáthar do phleanáil seirbhísí agus do chinnteoireacht maidir le húsáid alcóil agus drugaí, meabhairshláinte agus míchumas. Is é an fíorbhuntáiste atá leis na bunachair sonraí sin gur féidir leo aird a tharraingt ar na réimsí is mó ina dteastaíonn seirbhísí breise. Is eolas riachtanach é sin a chuireann ar chumas bhainisteoirí seirbhísí sláinte agus lucht déanta polasaithe cinntí níos éifeachtaí a dhéanamh faoi sheirbhísí do na daoine a dteastaíonn siad uathu.

Chomh maith leis na sonraí a bhailiú, foilsímid tuarascálacha a dhéanann anailís ar na treochtaí ón eolas a bhailítear. Tá tionscadail taighde éagsúla ar bun againn freisin, maidir le húsáid alcóil agus drugaí, sláinte leanaí, míchumas agus meabhairshláinte. I rith 2007, cruthaíodh ceithre shraith chun obair an HRB a léiriú:





Athbhreithníonn **Sraith Forbhreathnaithe an HRB** saincheisteanna sláinte nó sóisialta sonracha sna réimsí maidir le mí-úsáid alcóil agus drugaí, cúram sláinte, míchumas agus meabhairshláinte.


Déanann **Sraith Treochtaí an HRB** monatóireacht ar phatrúin atá ag athrú




agus treochtaí nua maidir le mí-úsáid alcóil agus drugaí, sláinte leanaí, míchumas agus meabhairshláinte trí anailís a dhéanamh ar shonraí thar am.




Tuairiscíonn **Sraith Taighde an HRB** ábhar taighde bunaidh ar mhí-úsáid alcóil agus drugaí, sláinte leanaí, míchumas agus meabhairshláinte.




Cuireann **Sraith Staitisticí an HRB** sonraí le chéile ar mhí-úsáid alcóil agus drugaí, sláinte leanaí, míchumas agus meabhairshlánte ó phointe aonair nó tréimhse ama.

Tá cuid de phríomhthorthaí ár dtaighde léirithe thíos. (Chun liosta iomlán a fháil dár gcuid tuarascálacha, féach Aguisín A.) Tá tuarascálacha iomlána an HRB le fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.hrb.ie/publications.

## Na Príomhthorthaí taighde

### Staid sláinte síceolaíoch na tíre

Rinne an HRB suirbhé ar an leibhéal folláine agus guaise síceolaíoch i measc mhuintir na hÉireann. Thuairisc duine as gach seachtar go raibh fadhb mheabhrach, neirbhíseach nó mhothúchánach ag cur isteach ortha i rith na bliana roimhe sin. Tá níos mó dóigh ann go dtuairiseoidh mná seachas fir go bhfuil fadhbanna den sórt

sin acu. Luaigh duine as gach deichniúr gur labhair siad lena ndochtúirí teaghlaigh go sonrach maidir lena meabhairshláinte i rith na bliana roimhe sin. Thuairisc 6% de na daoine a d'fhreagair gur bhain siad leas as seirbhísí meabhairshláinte speisialaithe i rith na bliana roimhe sin, agus os cionn 5% de na daoine a d'fhreagair gur úsáid siad tacaíochtaí foirmiúla eile. Soláthraíonn an suirbhé sin bunlíne láidir óna bhféadfar athruithe a aithint agus monatóireacht a dhéanamh ar athruithe ar fholláine agus ar ghuais síceolaíoch náisiúnta ag idirthréimhseacha rialta – gach dhá bhliain.

Léiríonn an tuarascáil nach mór dúinn forleithne guais shíceolaíoch i measc dhaonra na hÉireann a aithint agus aitheantas a thabhairt don fhadhb agus cuidiú chun deireadh a chur leis an stiogma a bhaineann le fadhbanna meabhairshláinte. Díríonn na moltaí ón taighde ar na nithe seo a leanas:

- Raon tacaíochtaí a bheith ar fáil lena n-áirítear tionscnaimh phobalbhunaithe agus seirbhísí cúram sláinte foirmiúla.
- Oiliúint bhreise d'fhoirne seirbhísí cúram príomha chun fadhbanna meabhairshláinte a mheas agus a chóireáil.
- Rochtain a bheith ag othair ar raon lucht gairmiúla meabhairshláinte eile a bheidh níos oiriúnaithe chun cúram meabhairshláinte a sheachadadh.
- Idirphlé idir cúram príomha agus seirbhísí meabhairshláinte a mheas agus a fhorbairt.
- Samhail comhchúraim a fheidhmiú.

## Is maith an rud é a bheith ag caint…

Baineadh leas as eolas ón Suirbhé Náisiúnta ar Fholláine agus Guais Shíceolaíoch chun na naisc féideartha atá idir nochtadh guaise agus inscne, aois, stádas pósta agus suíomh tíreolaíoch a scrúdú.



Léiríonn an taighde go raibh meabhairshláinte níos fearr ag na daoine sin is mó a bhí in ann labhairt faoina n-ábhar imní. Léirigh na torthaí freisin gur túisce a labhróidh mná agus daoine in aoisghrúpaí níos óige faoina n-ábhar imní le daoine eile.

## Athghlacadh chuig ospidéil agus aonaid síceolaíoch in Éirinn

Léirigh tuarascáil nua gur athghlacadh arís le duine as gach tríú othar a glacadh in aonaid nó ospidéil síceolaíoch i 2001, ar a laghad aon uair amháin, i rith na cúig bliana ina dhiaidh sin. Athghlacadh le seacht faoin gcéad de na hothair sin níos mó ná ceithre huaire, agus is ionann iad agus 'úsáideoirí minice'. Áirítear mná, daoine óga agus daoine a fuair diagnóis de scitsifréine nó iad sin a bhíonn spleách ar dhrugaí orthu sin is mó an dóigh go n-athghlacfar leo. Léiríonn na torthaí go soiléir nár laghdaigh leathnú na seirbhísí

pobalbhunaithe atá tarlaithe go dtí seo an gá atá le cóireáil d'othair chónaitheacha do daoine le tinneas leanúnach nó tinneas athfhillteach.

## Daonáireamh ar chónaitheacht pobail ardtacaíochta 2006

I 2006, rinne an HRB daonáireamh ar lucht cónaithe i saoráidí cónaithe pobail ardtacaíochta a bhí faoi chúram na seirbhísí meabhairshláinte. Fuarthas sa daonáireamh go raibh 1,412 duine ina gcónaí i 113 saoráidí den sórt sin ar fud na hÉireann. Bhí leath den lucht cónaithe sin idir 45 agus 65 bliain d'aois agus bhí os cionn aon tríú acu os cionn 65. Bhí difríocht shuntasach i líon an lucht cónaithe in aghaidh 100,000 den daonra sna limistéir HSE; léiríonn sé sin go bhfuil gá le tuilleadh imscrúdú a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh soláthar seirbhísí bunaithe ar riachtanais. Díríonn na torthaí ar easpa gníomhaíochtaí laethúla laistigh de na seirbhísí sin. Léiríonn údair na tuarascála nach mór cuspóir agus feidhmeanna na cónaitheachta a bheith sainmhínithe go soiléir agus nach mór tacaíocht a sholáthar lena chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais an lucht cónaithe.

## Tionchar mhí-úsáid alcóil ar shláinte agus ar sheirbhísí sláinte in Éirinn

Léiríonn forléargas nua cuimsitheach ar na hiarmhairtí a bhaineann le sláinte ó mhí-úsáid alcóil arna fhoilsiú ag an HRB go bhfuil ardú 17% tagtha ar thomhailt alcóil i ndaonra na hÉireann le 11 bliain anuas i.e. 11.5 lítear an duine i 1995 agus 13.4 lítear i 2006. Is é an toradh atá ar an méadú ar thomhailt go bhfuil méadú ar dhochar agus ar ghalair a bhaineann le halcól agus tá 1,775 duine tar éis bháis dá bharr. Mar thoradh air sin, cruthaíodh brúnna atá ag dul i méid ar sheirbhísí sláinte agus ospidéil.

Soláthraíonn an tuarascáil fianaise láidir den tionchar a bhíonn ag tinneas a bhaineann le halcól ar sheirbhísí ospidéil. Tháinig ardú beagnach 90% ar líon na ndaoine a bhí á scaoileadh amach as na hospidéil le fadhbanna nó gortuithe a bhaineann le halcól idir 1995 agus 2004. I 2004, d'úsáid daoine a raibh tinneas orthu a bhaineann le halcól 117,373 lá leaba in ospidéal – os cionn dúbailt fhigiúr 1995 de 55,805 lá leaba.

## Bearta athshlánaithe sóisialta atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid drugaí

Léirigh tuarascáil nua an gá atá ann an líon daoine gan dídean a laghdú, feabhas a chur ar scileanna fostaíochta agus ardú a chur ar leibhéil oideachais i measc úsáideoirí drugaí chun cur lena ndeiseanna athshlánaithe agus athlánpháirtithe sóisialta. Soláthraíonn an tuarascáil forléargas ar infhaighteacht, agus inrochtaineacht, oideachas, cóiríocht agus tacaíocht fostaíochta i measc daoine a bhíonn ag mí-úsáid drugaí. Déanann an tuarascáil athbhreithniú freisin ar mar a d'fhreagair tíortha eile don tsaincheist atá ag cur isteach ar dhaoine a bhíonn ag mí-úsáid drugaí 'eisiamh sóisialta; - ábhar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'éifeachtacht na cóireála a fhaightear.

## Tuarascálacha Míchumais

Tuairiscíonn an HRB ar sholáthar seirbhíse agus éileamh maidir le daoine le míchumas intleachtúil, fisiciúil agus céadfach agus léirítear na nithe seo a leanas:



- Teastóidh cúram cónaitheach lánaimseartha ó bhreis agus 2,000 duine **le míchumas intleachtúil** idir 2008 agus 2012. Cé go bhfuil infheistíocht shuntasach déanta i seirbhísí míchumais intleachtúla, agus cé gur cuireadh an leibhéal seirbhíse is airde fós ar fáil, ba í 2007 an ceathrú bliain as a chéile a raibh an t-éileamh is airde fós ar chúram cónaitheach lánaimseartha. Mar mhalairt ar an scéal, bhí an t-éileamh ar sheirbhísí lae ag an leibhéal is ísle dá taifeadadh riamh, agus dá réir léirítear go leanann dul chun cinn suntasach á dhéanamh i soláthar seirbhísí lae.
- Amhail mí an Mheithimh 2007, bhí naonúr as gach deichniúr a bhí cláraithe ar an **mBunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Fisiciúil agus Céadfach** (NPSDD) ag fáil seirbhísí. Mar sin féin, d'ainneoin leibhéil arda de sholáthar seirbhíse, léiríonn sonraí NPSDD go bhfuil líon mór daoine ag fanacht le measúnú do sheirbhísí éagsúla eile. Tá Tuarascáil Bhliantúil an NPSDD 2007 bunaithe ar 27,185 clárúchán. Is í an Tuarascáil an t-aon fhoinse eolais ag an leibhéal náisiúnta de sheirbhísí speisialacha do dhaoine le míchumas fisiciúil agus céadfach. Mar thoradh air sin, tá ról uathúil ag an eolas atá ann a bheith mar bhun do phleanáil seirbhíse agus aird a thabhairt ar na réimsí sin is mó a bhfuil gá le seirbhísí.

# Forbairtí Nua

## Sláinte Leanaí

Thosaigh an tAonad Eipidéimeolaíochta Sláinte Leanaí clár taighde nua i 2007 a bhfuil sé mar aidhm leis an méid éagothromais sláinte i measc Leanaí na hÉireann a mheas. Táthar ag súil go gcuideoidh an obair chun polasaithe spriocdhírithe agus ar an eolas a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an réimse sláinte casta agus tábhachtach seo. Áirítear leis dianmheas ar an méid éagothromais den sórt sin agus anailís a dhéanamh ar an tslí a mbíonn fachtóirí a bhaineann le



héagothromais sláinte ag teacht le chéile i bhfoghrúpaí éagsúla den daonra.

## Tionchar MAP

Áirítear roinn ar Ghníomhaíocht agus Rannpháirtíocht a Thomhas (MAP) sa Bhunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Fisiciúil agus Céadfach. Tá sé roinnte i trí chuid – bacainní agus dúshláin, srian ar rannpháirtíocht agus Sceideal II Measúnaithe Míchumais na hEagraíochta Sláinte Domhanda (WHODAS II). Bailíonn an beart MAP laistigh den NPSDD eolas ar na bacainní rannpháirtíochta (timpeallacht fhisiciúil, ioncam, rochtain ar eolas) a bhíonn ag cur isteach ar dhaoine faoi mhíchumas; bailítear eolas freisin ar na réimsí saoil (oideachas, fostaíocht, saol sóisialta) ina ndéantar an rannpháirtíocht. Is beart caighdeánaithe é WHODAS II ar na deacrachtaí a bhíonn ag cur isteach ar dhaoine i ngnáthghníomhaíochtaí; mar gheall go bhfuil sé caighdeánaithe is féidir ár gcuid sonraí a chur i gcomparáid le sonraí idirnáisiúnta. I 2007, tuairiscíodh in Eagrán 2 sa tsraith feasachán MAP ar shonraí WHODAS II a fuarthas ar an NPSDD.

Seoladh *'Disability News'*, nuachtlitir a dhéanann cur síos ar obair an Aonaid Bunachar Sonraí Míchumais agus saincheisteanna lena mbaineann i mí Iúil 2007 agus bhí freagra dearfach ó gheallsealbhóirí.

## An tIonad Náisiúnta Doiciméadúcháin (NDC)

I rith 2007, síneadh dualgas an Ionaid Náisiúnta Doiciméadúcháin (NDC) chun ábhar ar shaincheisteanna a bhaineann le halcól a chur san áireamh. Chuir an fhoireann os cionn 400 imleabhar d'ábhar den sórt sin i mbailiúchán leabharlainne an ionaid, agus cuireadh dhá irisleabhar speisialaithe eile ar thopaicí alcóil sa bhailiúchán tréimhseacháin. Chuir os cionn 40 lucht taighde sa réimse drugaí agus alcóil eolas san áireamh ar thionscadail a bhíodar ag obair orthu ar bhunachar sonraí taighde agus meastóireachta reatha an NDC; is féidir mionsonraí a fháil ar láithreán gréasáin an HRB www.hrb.ie/ndc.

Cuireadh dhá acmhainn eolais nua le láithreán gréasáin an NDC: bunachar sonraí theses a bhí ag déileáil le hábhair a bhaineann le drugaí agus alcól in ollscoileanna na hÉireann; agus leathanach polasaí drugaí a sholáthraíonn eolas ar chomhlachtaí a chuidíonn nó a mbíonn tionchar acu ar chur le chéile polasaí drugaí neamhcheadaithe in Éirinn.

# Forbairtí Corparáideacha

Soláthraíonn an Stiúrthóireacht Feidhmeanna Corparáideacha scileanna speisialaithe a thugann tacaíocht do sheachadadh éifeachtach sheirbhísí an HRB. Oibríonn an Stiúrthóireacht i gcomhar leis an gcuid eile den eagraíocht agus dírítear ar sheirbhísí feidhmeanna corparáideacha a ailíniú chun a chinntiú go ndéanfar straitéis chorparáideach an HRB a sheachadadh go rathúil agus chun a chinntiú go seachadaítear gnéithe rialachais luach ar airgid agus éifeachtach de ghníomhaíochtaí an HRB. Oibríonn an Stiúrthóireacht chun réimsí nua deiseanna a aithint, a mheas agus leas a bhaint astu agus chun próisis nua a thabhairt isteach a chuideoidh chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil dár gcustaiméirí.

## An Bord Nua

I mí an Mheithimh 2007, cheap an tAire Sláinte agus Leanaí Bord HRB nua atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na seirbhísí sláinte, lucht acadúla agus tionscail. Táirgeadh leabhrán rialachais nua, atá deartha chun cuidiú le comhaltaí Bord a gcuid gnó a dhéanamh chun teacht le dea-chleachtas.

## Suirbhé Feasachta Ginearálta

D'aimsigh suirbhé a rinneadh i mí an Mheithimh 2007 i measc 1,000 duine den phobal, 15 bliain d'aois agus os a chionn, go raibh triúr as gach deichniúr atá ina gcónaí in Éirinn ar an eolas faoin HRB. Rinneadh an suirbhé duine ar dhuine i measc sampla ionadaíoch náisiúnta den daonra ag 62 pointe samplála ar fud na hÉireann.

Léiríonn achoimre an-ghinearálta de na torthaí na nithe seo a leanas:

- tá dóigh níos airde ann go mbeidh daoine idir 35 agus 64 bliain d'aois, le stádas ABC1 agus atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, ar an eolas faoin HRB.
- aontaíonn 61% de na freagróirí nó aontaíonn siad go láidir gur féidir le taighde sláinte tionchar dearfach a bheith aige ar sheachadadh seirbhísí sláinte.
- bhí spéis ag 64% de na daoine sa suirbhé tuilleadh eolais a fháil amach faoi thaighde sláinte.
- aontaíonn 58% nó aontaíonn siad go láidir nach gcuirtear dóthain eolais maidir le taighde sláinte chun cinn; i measc na bhfreagróirí sin, ba mheán traidisiúnta an foinse eolais ab fhearr leo (nuachtáin/teilifís/raidió).

Bainfear leas as na sonraí a bailíodh sa suirbhé seo chun gníomhaíochtaí cumarsáide an HRB a spriocdhíriú agus a fhorbairt tuilleadh don phobal i gcoitinne. Soláthróidh an suirbhé tagarmharc freisin óna bhféadfar feasacht a thomhas amach anseo.

## Clúdach sna Meáin

Leanadh le hobair i rith 2007 ar an bpróiseas chun feabhas a chur ar phróifíl an

HRB agus a bhfuil bainte amach acu. Mar thoradh ar chlár meáin réamhghníomhach, foilsíodh 448 alt in iomlán i nuachtáin náisiúnta, réigiúnacha agus liachta i rith na bliana. Clúdaíodh 178,066 cm cearnach de leathanaigh nuachtáin – ardú 56,000 cm cearnach nuair a chuirtear sin i gcomparáid leis an gclúdach i 2005, an bhliain is deireanaí ina bhfuil suirbhé déanta. B'ionann an clúdach i 2007 agus €1,084,415 ó thaobh luach fógraíochta. Is ionann sin agus ardú €371,158 ar luachanna 2005.



## Sláinte agus Sábháilteachta

Táimid sásta a fhógairt nár tuairiscíodh aon teagmhais sláinte agus sábháilteachta i rith na bliana.

## Saoráil Faisnéise

Fuarthas trí iarratas Shaorála Faisnéise in iomlán i rith 2007. Rinneadh gach iarratas a phróiseáil laistigh de na frámaí ama riachtanacha.

## Inrochtaineacht

I rith na bliana, bunaíodh grúpa inrochtaineachta chun tacú leis na riachtanais atá léirithe san Acht Míchumais 2005. Seo a leanas príomhfhócas an ghrúpa:

- A chinntiú go gcomhlíonfar Acht Míchumais 2005.
- Cuir le feasacht feadh na heagraíochta.
- Measúnú a dhéanamh ar a bhfuil riachtanach chun an Dámhachtain Sárchleachtas Trí Inrochtaineacht (ETA) a bhaint amach.

Príomhghnóthachtáil den ghrúpa ná a chinntiú go dtacódh córas bainistithe ábhar an láithreáin ghréasáin nua le riachtanais inrochtaineachta.

# Ag obair i gcomhar – sracfhéachaint ar obair chomhoibritheach

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

### Saoráid Taighde Cliniciúil na Gaillimhe

Ceann de na príomhfhorbairtí i 2007 gur fógraíodh pleananna chun Saoráid Taighde Cliniciúil de chuid an HRB a bhunú i nGaillimh – an chéad saoráid den sórt sin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (féach leathanach 14). Ní fhéadfaí forbairt den sórt sin a dhéanamh gan tacaíocht ón HSE; déanfaidh an HSE costais thógála na saoráide a mhaoiniú, agus clúdóidh an HRB na costais chun saineolas agus an fhoireann a bheidh ag teastáil lena rith a sholáthar.

### WISDOM – taifead cuimsitheach nua ar chúram meabhairshláinte

Is córas eolais é WISDOM a dhéanfaidh taifeadadh ar ghníomhaíocht othair chónaithe agus chúram pobail sa réimse meabhairshláinte. Forbraíodh an tionscnamh seo i gcomhar idir an HSE agus an HRB mar fhreagra ar an ngá atá le feabhas a chur ar shonraí maidir le seirbhísí meabhairshláinte pobail – saincheist a tugadh ar aird sa cháipéis polasaí meabhairshláinte *'A Vision for Change'.*

I 2007 cheadaigh an HSE go foirmiúil an cruthú coincheapa agus tosaíodh ag obair ar fheidhmiú an chruthú coincheapa i nDún na nGall; is éard a bhí i gceist leis sin struchtúir Eagraíochtúla tionscadail náisiúnta agus áitiúil a bhunú lena n-áirítear an Bord Tionscadail Náisiúnta Eatramhach (INPB), Bord Tionscadail Dhún na nGall agus Grúpa Feidhmithe Dhún na nGall. Tosaíodh ar obair freisin ar dhréachtú creat oibre rialaithe eolais do WISDOM a chuimsíonn cáipéisí polasaí ar phríobháideacht agus rúndacht, toiliú, rochtain agus slándáil. D'oibrigh an HRB go dlúth freisin le foireann Sláinte Atlas an HSE chun idirphlé a fhorbairt idir WISDOM agus GeoDirectory an HSE ionas go bhféadfar eolas sláinte a gheochódú ag an bhfoinse.

## Aois agus míchumas

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach córais eolais sláinte d'ardchaighdeán a bheidh mar bhonn d'fhorbairt polasaí agus cleachtais





a choimeád, rinneadh iniúchadh náisiúnta ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil i rith na bliana. Rinne foireann chliniciúil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón earnáil neamhreachtúil agallaimh le húsáideoirí na seirbhíse, a bpríomhoibrithe agus cuid dá dteaghlaigh ar fud na tíre. Bainfear leas as torthaí an iniúchta sin chun cruinneas an eolais atá ar an mbunachar sonraí a thástáil le súil agus ardchaighdeán a fheabhsú.

Rinne foireann cathaoirleacht ar fho-choiste taighde den Ghrúpa Oibre Náisiúnta a bhunaigh an HSE chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí lae do dhaoine fásta le míchumas.

I 2007, tugadh cuireadh don HRB a bheith rannpháirteach sa Ghrúpa Comhairleach don tionscadal TILDA, staidéar fadaimseartha ar aosú atá bunaithe i gColáiste na Tríonóide. Táimid rannpháirteach go gníomhach sa chuid aosú agus míchumas intleachtúil den staidéar.

## Éire-Tuaisceart Éireann-Cuibhreannas Ailse NCI

Forbraíodh dhá scéim maoinithe nua faoin gCuibhreannas Ailse i 2007. Fógraíodh na Comh-Thionscadail Taighde in Ailse agus an scéim Comhaltacht Eacnamaíochta Sláinte i rith na bliana, agus rinneadh na chéad leithroinntí maoinithe go luath i 2008. Áirítear sa dá scéim comhoibriú idir lucht taighde agus malartú lucht taighde idir Éirinn agus na Stát Aontaithe.

Tá Trialacha Cliniciúla Ailse á maoiniú agus ag fáil tacaíochta ón HRB le blianta fada. Déantar na trialacha a chomhordú tríd an nGrúpa Taighde Oinceolaíochta Comhoibríoch Uile-Éireann (ICORG). I 2007, rinne 14 ospidéal in Éirinn agus aon ospidéal amháin i dTuaisceart Éireann (maoinithe ag an Oifig R&D i mBéal Feirste) 77 trialacha éagsúla ina raibh 1,376 othar rannpháirteach. Ghlac thart ar leath de na hothair sin páirt i dtrialacha cliniciúla; earcaíodh roinnt eile chun a bheith rannpháirteach i gcomhstaidéir aistritheach agus baincéireacht siada a chuideoidh le lucht taighde tuiscint a fháil ar an ngalar agus cur chuigí nua ar chóireáil a aithint.

## Cúnamh Éireann

Lean an HRB ag obair le Cúnamh Éireann i rith na bliana ag teacht leis an Meabhrán Tuisceana a síníodh i 2006. Tá an HRB agus Cúnamh Éireann tiomanta oibriú le chéile chun tacú le taighde sláinte domhanda agus cur le hacmhainneacht taighde sna tíortha sin atá i mbéal forbartha. I 2007, d'eisigh an HRB an dara glaoch ar iarratais don scéim Dámhachtainí Taighde Sláinte Domhanda; fuair trí thionscadal maoiniú ina dhiaidh sin. Tá sé mar aidhm leis an scéim dámhachtainí fianaise taighde d'ardchaighdeán a bhailiú, fianaise a bhfuil baint dhíreach aici le réimsí polasaí an chláir Chúnamh Éireann, agus tógfar acmhainneacht taighde i dtíortha atá i mbéal forbartha. Cuspóir eile den scéim ná comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn i dtaighde sláinte domhanda agus béim speisialta a chur ar thionscadail chomhoibritheacha ina mbíonn institiúid taighde Éireannacha agus lucht taighde ó thíortha atá i mbéal forbartha rannpháirteach. Eisíodh glaoch freisin don scéim nua Deontais Líonraithe Sláinte Domhanda; dámhadh deontas aonuaire ar 11 iarrthóir in iomlán chun cur ar a gcumas

taisteal agus líonrú le heagraíochtaí taighde i dtíortha atá i mbéal forbartha le súil agus moltaí taighde comhoibritheacha a scríobh.

## Grúpa Carthanachtaí Taighde Liachta (MRCG)

I mí an Mhárta 2007, d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uasal, TD, mionsonraí phleananna chun tacaíocht rialtais a thabhairt do 33 tionscadail taighde atá á gcómhaoiniú ag an HRB agus roinnt carthanachtaí taighde liachta. Díríonn na tionscadail ar raon leathan galar idir ghalair choiteann agus cinn nach mbíonn chomh fairsing sin mar dhiaibéiteas, ailse agus pigmentosa reitineach agus epidermolysis bullosa go dtí diostróife mhatánach.

## Gníomhaíochtaí Cochrane ar oileán na hÉireann

I 2001, b'iad Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann an chéad dá áit ar domhan chun rochtain phoiblí saor in aisce a sholáthar ar Leabharlann Cochrane – d'éirigh leo é sin a dhéanamh toisc go n-íocann an HRB agus an Oifig R&D i mBéal Feirste síntiús bliantúil leis an Leabharlann. D'éirigh thar cionn leis an tionscnamh sin; i 2007 amháin d'íoschóipeáil daoine ar oileán na hÉireann os cionn 60,000 cáipéis ó shaothar bhunachair sonraí liachta na Leabharlainne atá fianaisebhunaithe agus a dhéantar a nuashonrú go rialta.

## An Ionad Monatóireachta Eorpach do Dhrugaí agus Andúil Drugaí (EMCDDA)

Is é an tAonad Taighde ar Alcól agus Drugaí an pointe fócais ainmnithe in Éirinn don EMCDDA agus tugtar eolas oibiachtúil, iontaofa agus inchomparáide ar dhrugaí agus ar andúil drugaí ó pheirspictíocht na hÉireann. Cuireann lucht taighde tuarascáil bhliantúil le chéile ina mbíonn eolas nua ar chúrsaí úsáide drugaí in Éirinn, agus ar na hiarmhairtí agus na freagraí dá bharr sin. Bailítear an t-eolas sin ar bhealach caighdeánaithe i ngach pointe fócais san Eoraip, rud a cheadaíonn comparáidí bailí a dhéanamh idir patrúin reatha agus treochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le húsáid drugaí i dtíortha eile san Eoraip. Áiríodh ar na príomhréimsí fócais agus comparáide i 2007 caiteachas poiblí ar dhrugaí, ar úsáid drugaí i measc ghrúpaí leochaileacha daoine óga agus taighde a bhaineann le drugaí in Éirinn.

## An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (NACD)

Oibríonn an tAonad Taighde ar Alcól agus Drugaí leis an NACD chun comhairle a chur ar an Rialtas maidir le fadhb na húsáide drugaí in Éirinn maidir le forleithne, cosc, iarmhairtí agus cóireáil. I rith 2007, dhírigh an clár oibre ar dhréacht a thabhairt chun críche ar na torthaí ón dara suirbhé daonra ar úsáid drugaí; tairiscint a fhorbairt chun meastachán nua a sholáthar ar an líon úsáideoirí opiate in Éirinn agus comhairle a thabhairt don rialtas ar an ngá atá le líon nuashonraithe d'úsáideoirí drugaí a bhfuil tástáil dhearfach á bhfáil acu maidir le víris fuil-iompartha.

## Institiúidí Sláinte Náisiúnta (Na Stáit Aontaithe) agus Coláiste na Tríonóide

Lean an tAonad Eipidéimeolaíochta Sláinte Leanaí lena dtaighde ar anchuma ó bhroinn agus ar thorthaí diúltacha eile ar thoircheas i gcomhar leis na hInstitiúidí Sláinte Náisiúnta (Na Stáit Aontaithe) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. I rith na bliana, tháirg an tAonad dhá fhoilseachán piarbhreithnithe.

# Achoimre ar chuntais

# An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2007

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ioncam** | | |
| Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte agus Leanaí | 36,085,000 | 30,353,000 |
| Maoiniú Taighde Eile | 3,033,254 | 3,580,551 |
| Ús Infhaighte | 35,188 | 51,317 |
| Ioncam Cíosa | 37,552 | 52,899 |
| Ioncam Eile | – | 61,022 |
| | **39,190,994** | **34,098,789** |
| **Caiteachas** | | |
| Straitéis Taighde agus Stiúrthóireacht Maoinithe | 32,004,323 | 32,876,393 |
| Córais Eolais Sláinte agus Stiúrthóireacht Taighde Intí | 3,650,086 | 2,842,462 |
| Stiúrthóireacht Feidhmeanna Corparáideacha | 3,400,850 | 2,672,507 |
| Pinsin Íoctha le Comhaltaí Foirne Scortha | 69,892 | 5,347 |
| Méid Aistriú go Cúlchistí Caipitil leithdháilte chun sócmhainní dochta a mhaoiniú | 55,679 | – |
| | **39,180,830** | **38,396,709** |
| **Barrachas/(Easnamh) Don Bhliain** | **10,164** | **(4,297,920)** |
| **Cúlchiste Ioncaim amhail an 1 Eanáir** | **32,496** | **4,330,416** |
| **Cúlchistí Ioncaim amhail an 31 Nollaig** | **42,660** | **32,496** |

# Cuntas Caipitil Ioncaim agus Caiteachais

## don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2007

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ioncam** | | |
| Deontas Caipitil na Roinne Sláinte agus Leanaí | 10,406,696 | 12,946,936 |
| Amúchadh an Chuntais Ciste Caipitil | 109,303 | 132,911 |
| | **10,515,999** | **13,079,847** |
| **Caiteachas** | | |
| Deontais Trealaimh agus Maoiniú Nua-Thionscanta | 595,103 | 2,039,854 |
| Dámhachtainí Eolaithe Cliniciúla | 2,212,205 | 1,662,855 |
| Dámhachtainí Duaiseanna Íomháithe | 1,552,433 | 4,618,635 |
| Dámhachtainí R&D na Seirbhísí Sláinte | 1,620,805 | 1,462,101 |
| Clár Scoláireachtaí PhD | 1,456,899 | – |
| Córais Eolais Sláinte chun bheith mar bhun do Dhámhachtainí R&D | – | 1,060,848 |
| Dámhachtainí Taighde Aistritheach | 2,337,515 | 1,341,674 |
| Ionaid Taighde Cliniciúla | 200,000 | – |
| Taighde Coimisiúnaithe | 127,372 | – |
| Forbairt ICT | 274,126 | 27,607 |
| Ranníoc chuig Sócmhainní Seasta | 30,238 | 115,668 |
| Costais Áitribh | – | 472,494 |
| Comhairliúchán Straitéise Corparáidí | – | 145,200 |
| Dímheas | 109,303 | 132,911 |
| | **10,515,999** | **13,079,847** |
| **(Easnamh)/Barrachas Don Bhliain** | **–** | **–** |

# Clár Comhardaithe

## amhail an 31 Nollaig 2007

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 320,544 | 354,124 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe | 550,196 | 1,342,231 |
| Infheistíochtaí | 641 | 641 |
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh | 400 | 450,400 |
| | **551,237** | **1,793,272** |
| | | |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| *Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin:* | | |
| Banc | 17,807 | 16,057 |
| Creidiúnaithe | 490,770 | 1,744,719 |
| | **508,577** | **1,760,776** |
| | | |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | 42,660 | 32,496 |
| | | |
| **Glan-Sócmhainní** | 363,204 | 386,620 |
| | | |
| **Cúlchistí** | | |
| Barrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | 42,660 | 32,496 |
| Ciste Caipitil | 320,544 | 354,124 |
| | **363,204** | **386,620** |

# Aguisín A: Foilseacháin an HRB 2007

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2007) *Drugnet Ireland*. Eagrán 21, Earrach. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2007) *Drugnet Ireland.* Eagrán 22, Samhradh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2007) *Drugnet Ireland*. Eagrán 23, Fómhar. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2007) *Drugnet Ireland.* Eagrán 24, Geimhreadh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Aonad Taighde ar Alcól agus Drugaí (2007) *2007 National Report (2006 data) to the EMCDDA by the Reitox National Focal Point. Ireland: new developments, trends and in-depth information on selected issues.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte. http://www.ndc.hrb.ie/toc.php?id=15.

Chen Q, Wang X, O'Neill FA, Walsh D, Fanous A, Kendler KS, agus Chen X (2007) Association study of CSF2RB with schizophrenia in Irish family and case – control samples. *Molecular Psychiatry,* Iúil 31 http://www.ncbi.nlm.nih.gov/sites/entrez?Db=pubmed&Cmd=ShowDetailView&TermToSearch=17667962&ordinalpos=7&itool=EntrezSystem2.PEntrez.Pubmed.Pubmed_ResultsPanel.Pubmed_RVDocSum.

Chen X, Wang X, Hossain S, O'Neill FA, Walsh D, van den Oord E, Fanous A agus Kendler KS (2007) Interleukin 3 and schizophrenia: the impact of sex and family history. *Molecular Psychiatry,* 12(3): 273–82.

Daly A (2007) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) Preliminary National Bulletin Ireland 2006.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2007) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) HSE Dublin Mid-Leinster Bulletin 2006.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2007) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) HSE Dublin North East Bulletin 2006.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2007) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) HSE South Bulletin 2006.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2007) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) HSE West Bulletin 2006.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A (2007) *National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS) National Bulletin Ireland 2006.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A, Tedstone Doherty D and Walsh D (2007) *Re-admissions to Irish psychiatric units and hospitals 2001–2005.* HRB Research Series 3. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Daly A, Walsh D and Moran R (2007) *Activities of the Irish Psychiatric Units and Hospitals 2006.* HRB Statistics Series 4. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Disability Databases Unit (2007) *Disability News.* Eagrán 1, Samhradh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Fanous AH, Neale MC, Gardner CO, Webb BT, Straub RE, O'Neill FA, Walsh D, Riley BP and Kendler KS. (2007) Significant correlation in linkage signals from genome-wide scans of schizophrenia and schizotypy. *Molecular Psychiatry,* 12(10):958¬–65.

Fanous AH, Neale MC, Webb BT, Straub RE, Amdur RL, O'Neill FA, Walsh D, Riley BP and Kendler KS (2007) A genome-wide scan for modifier loci in schizophrenia. *American Journal of Medical Genetics Part B: Neuropsychiatric Genetics,* 144(5):589–95.

Hart C, Tedstone Doherty D and Walsh D (2007) First admissions to in-patient care in Ireland for schizophrenia 1971–2004: trends in age and gender. *Irish Journal of Psychological Medicine,* 24(4): 132–9.

An Bord Taighde Sláinte (2007) *A picture of health – a selection of Irish health research 2007.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Keane M (2007) Social reintegration as a response to drug use in Ireland. Overview 5. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kelly F, Kelly C and Craig S (2007) Annual report of the National Intellectual Disability Database Committee 2007. HRB Statistics Series 2. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Kuo PH, Neale MC, Riley BP, Patterson DG, Walsh D, Prescott CA, and Kendler KS (2007) A genome-wide linkage analysis for the personality trait neuroticism in the Irish affected sib-pair study of alcohol dependence. American Journal of Medical Genetics Part B: Neuropsychiatric Genetics, 144(4): 463–8.

An tAonad Taighde Meabhairshláinte (2007) Nasc. Eagrán 5, Meitheamh. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An tAonad Taighde Meabhairshláinte (2007) Nasc. Eagrán 6, Nollaig. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Mongan D, Reynolds S, Fanagan S and Long J (2007) Health-related consequences of problem alcohol use. Forléargas 6. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

An tIonad Náisiúnta Doiciméadúcháin maidir le hÚsáid Drugaí (2007) Directory of courses and training programmes on drug misuse in Ireland, 2007. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

O'Donovan M-A and Doyle A (2007) *National Physical and Sensory Disability Database Committee annual report 2006.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

O'Donovan M-A and Doyle A (2007) *Measure of Activity and Participation (MAP) – World Health Organization's Disability Assessment Schedule (WHODAS II).* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

O'Donovan M-A, Doyle A and Craig S (2007) *National Physical and Sensory Disability Database Committee annual report 2007.* HRB Statistics Series 3. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Parle-McDermott A, M Pangilinan F, Mills JL, Kirke PN, Gibney ER, Troendle J, O'Leary VB, Molloy AM, Conley M, Scott JM, and Brody LC (2007) The 19-bp deletion polymorphism in intron-1 of dihydrofolate reductase (DHFR) may decrease rather than increase risk for spina bifida in the Irish population. *American Journal of Medical Genetics,* 143(11): 1174–80.

Sullivan PF, Kuo PH, Webb BT, Neale MC, Vittum J, Furberg H, Walsh D, Patterson DG, Riley B, Prescott CA, and Kendler KS (2007) Genomewide linkage survey of nicotine dependence phenotypes. *Drug and Alcohol Dependence,* Samhain 19 http://www.ncbi.nlm.nih.gov/pubmed/18023296?ordinalpos=8&itool=EntrezSystem2.PEntrez.Pubmed.Pubmed_ResultsPanel.Pubmed_RVDocSum.

Tedstone Doherty D, Moran R, Kartalova-O'Doherty Y and Walsh D (2007) *HRB national psychological wellbeing and distress survey: baseline results.* Sraith 2 Taighde an HRB. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Tedstone Doherty D, Walsh D and Moran R (2007) *Happy living here... A survey and evaluation of community residential mental health services in Ireland.* Baile Átha Cliath: An Coimisiún Meabhairshláinte.

Tedstone Doherty D, Walsh D, Moran R and Bannon F (2007) *High support community residences census 2006.* HRB Statistics Series 1. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

Thiselton DL, Vladimirov VI, Kuo PH, McClay J, Wormley B, Fanous A, O'Neill FA, Walsh D, Van den Oord EJ, Kendler KS, and Riley BP (2007) AKT1 Is Associated with Schizophrenia Across Multiple Symptom Dimensions in the Irish Study of High Density Schizophrenia Families. Biological Psychiatry, Sep 5 http://www.ncbi.nlm.nih.gov/sites/entrez?Db=pubmed&Cmd=ShowDetailView&TermToSearch=17825267&ordinalpos=1&itool=EntrezSystem2.PEntrez.Pubmed.Pubmed_ResultsPanel.Pubmed_RVDocSum.

Vladimirov V, Thiselton DL, Kuo PH, McClay J, Fanous A, Wormley B, Vittum J, Ribble R, Moher B, van den Oord E, O'Neill FA, Walsh D, Kendler KS, and Riley BP (2007) A region of 35 kb containing the trace amine associate receptor 6 (TAAR6) gene is associated with schizophrenia in the Irish study of high-density schizophrenia families. *Molecular Psychiatry,* 12(9): 842–53.

Walsh D (2007) Care of the mentally ill in Ireland in 1901 - the vindication of policy. *Irish Journal of Psychological Medicine,* 24(4): 149–55.

Ward M, Tedstone Doherty D and Moran R (2007) *It's good to talk: distress disclosure and psychological wellbeing.* HRB Research Series 1. Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte.

www.hrb.ie

design by drawinginc

Feabhas a chur ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

HRB
Health Research Board